CLÁR ÁBHAIR

Tuarascáil Bhliantúil 2003

Teachtaireacht ón Ard-Mhéara 2
Réamhrá Bhainisteoir na Cathrach 3
Baill Chomhairle Cathrach Chorcaí 4
Foireann Bainistíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí 5

Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha 6
Straitéis na nDuganna 9
Stiúrthóireacht Aineas, Conláistí & Cultúr 11
Stiúrthóireacht na mBóithre agus Iompair 13
Stiúrthóireacht Pobal agus Fiontraíocht 15
Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005 18
Stiúrthóireacht Tithíocht agus Pobal 20
Stiúrthóireacht an Chomhshaoil 23
Roinn Ailtire na Cathrach 25
Córais Faisnéise 28

Roinn Reachtúil 30
- Airgeadas 31
- Réimsí Chláracha 33
- Táscairí Seirbhíse 40
- Oibriú an Chomhairle 42
- Cothromaíocht Inscne san Earcaíocht 43
- An tAcht um Rialtas Áitiúil 2001 44

© Roinn Cumarsáide, Gnóthaí corporáideacha, Chomhairle Cathrach Chorcaí, Halla Cathrach, Chorcaí, 021 4966222 | www.corkcity.ie

Teachtaireacht ón Ard-Mhéara

Bliain mhórghníomhach ab ea 2003 do Chomhairle Cathrach Chorcaí. Tá Scéim Draenála Chorcaí ag druidim chun deiridh. Tá na hoibreacha poiblí i Sráid Phádraig, sa Seandún agus sa Linn Dhubh ag dul ar aghaidh go maith. Chuir an fhorbairt ar Ché Lapp tús le Togra na nDuganna agus tá Rinn Mheachain faoi lánseol. Tá Céim a Dó d'athchóiriú Theach Cúirte na Cathrach faoi lánseol leis. Níl ansin ach blas den mhéid atá déanta agus atá á dhéanamh. Más féidir le téarma amháin cur síos a thabhairt ar Chathair Chorcaí faoi láthair, is é athrú crutha an téarma sin. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle Cathrach le tríocha bliain anuas ag cur feabhas ar infreastruchtúr agus timpeallacht ghinearálta Chorcaí agus leantar ag tógáil ar an mbunchloch sin ar bhealach spreagúil agus inbhuanaithe.

Táimid ag thabhairt aghaidh ar na dúthshláin atá romhainn laistigh de chomhthéacs an phleain nuálaigh chun Corcaigh a fhorbairt go dtí an bhliain 2020 - Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí 2002-2020 (PSCC). Comhphlean idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus an t-údarás áitiúil is gaire dúinn is ea an plean seo, a leagann amach clár uaillmhianach chun réigiún a chruthú a bheidh níos éifeachtaí de bharr seirbhísí den scoth, níos cuimsithí ón taobh sóisialta de agus níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. De bharr an PSCC is féidir linn a bheith muiníneach as an dtodhchaí ina mbíonn pleanáil comhtháite mar bhunús le fás an réigiúin ar bhealach pleanáilte agus straitéiseach. Tá dúthshláin mhóra romhainn. Tá gá le tacaíocht tras-phobail, go háirithe ó shaoránaigh agus gnóthaí na cathrach atá faoi ualach na mífheiliúnachta de bharr na hoibre atá ar siúl ar an méid sin de thograí móra. Gabhaim mo bhuíochas leo sin ar fad as a gcomhoibriú agus geallaim daoibh gur mó ar fad an sochar sa fad-téarma ná an dochar sa ghearr-téarma.

Laistigh de theorainneacha an PSCC táimid dírithe ar athchumadh na cathrach, agus tá a rian sin i ngach áit. Faoi samhradh 2004 beidh athnuachan iomlán ar phríomhshráid Chorcaí - Sráid Phádraig - ag tacú lena stádas i measc na gceantar miondíol sa réigiún agus ag cruthú pointe fócasach cuí don chathair.

Níl i dtosú na seirbhíse Páirceáil agus Taisteal ag Black Ash ach tús le scata de ghníomhartha le trácht Chorcaí a bhainistiú agus roghanna a sholáthar do thiománaithe, rothaithe agus coisithe. Cruthófar líonra de 10 mBealach Glas do Bhusanna idir seo agus 2005, rud a laghdóidh brú tráchta agus a thabharfaidh fíor-roghanna raidiciúla do shaoránaigh.

Céim thábhachtach is ea glacadh an Phlean nua Forbartha i mí na Nollag i mbaint amach na n-aidhmeanna a luaitear sa PSCC agus i Straitéis Bhord Forbartha na Cathrach, "Imagine our Future". Déanann Plean Forbartha nua Chathair Chorcaí iarracht staid shóisialta, eacnamaíochta, cultúrtha agus timpeallachta na cathrach a fhorbairt agus a fheabhsú san bhlianta idir seo agus 2009.

Beidh Corcaigh mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa i 2005. Tá dul chun cinn iontach déanta ag cur clár imeachtaí le chéile do bhuaicphointe cultúrtha Chorcaí a thabharfaidh deis iontas na cathrach agus an phobail a léiriú.

Ard-Mhéara Chathair Chorcaí

Réamhrá Bhainisteoir na Cathrach

Cuirimse fáilte roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil don Bhliain 2003. Tá athrú suntasach sa Rialtas Áitiúil le tamall de bhlianta anuas sna bealaí ina ndéantar polasaí a chumadh agus sna struchtúirí a úsáidtear chun an polasaí sin a chur i gcrích. Tá na struchtúirí nua suite go maith san eagraíocht againn agus tá feabhas leanúnach á chur ag Comhairle na Cathrach ar sholáthar na seirbhísí dá chustaiméirí.

Chuir obair Aonad Chuimsitheacht Shóisialta an Chomhairle treise leis an mbéim atá ag Straitéis Bhord Forbartha na Cathrach ar chuimsitheacht shóisialta. Cuirtear fáilte roimh obair na gcláracha RAPID i gceantair áirithe mar thacú sa troid i gcoinne eisiamh sóisialta. Agus tá cúrsaí tithíochta idir lámha ag an gComhairle leis an gComh-Straitéis Tithíochta na Cathrach/An Chontae atá san áireamh i bPlean Forbartha na Cathrach.

Tá Comhairle na Cathrach ag thabhairt aghaidh ar dhúthshláin mhóra eile. Tugann glacadh Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí fócas straitéiseach don chathair agus don chontae d'fhorbairt eacnamaíochta agus sóisialta don fiche bliain atá romhainn. Tá Straitéis na nDuganna mar bhunchloch leis an bhforbairt mhór seo i lár na cathrach. Beidh ról lárnach ag na pleananna seo i mealladh infheistíochta isteach i gceantar Chorcaí.

Tá cur i bhfeidhm na bpleananna athchóirithe do St. Patrick Street, Grand Parade and Oliver Plunkett Street faoi lánseol agus cuirfidh siad go mór le íomhá Chorcaí mar chathair Eorpach nua-aimseartha fhuinniúil.

Tá obair ar siúl i gcónaí ag ullmhú na cathrach don bhliain mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa i 2005. Tugann an teideal seo aitheantas do shaibhreas cultúrtha Chorcaí agus díríonn sé aird ar na buanna atá aici mar cheann de na háiteanna turasóireachta cathrach is fearr san Eoraip. Táimid ag tnúth go mór leis an deis chun Corcaigh a chur chun cinn go hidirnáisiúnta i rith 2005.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle na Cathrach, ag gach leibhéal, as a gcuid oibre agus díograis le linn 2003. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil Ieis an Ard-Mhéara agus Baill Chomhairle na Cathrach as a gcuidiú le feabhsú na cathrach agus a dtacaíocht agus comhoibriú leanúnach.

Tá aghaidh á thabhairt ar na dúthshláin a luaitear thuas, ag cinntiú gur féidir le Corcaigh féachaint chun tosaigh le muinín mar chathair le timpeallacht fhisiciúil den scoth, atá cuimsitheach go sóisialta, iomaíoch go domhanda agus saibhir go cultúrtha.

Bainisteoir na Cathrach

Baill Chomhairle Cathrach Chorcaí

Toghcheantar Thoir Thuaidh

ó chlé go dheis:
Seanóir Mairin Quill, PD | **Comhleoirí Tim Brosnon**, FF | **Liam Burke T.D.**, FG | **Billy Kelleher T.D.**, FF | **John Kelleher**, Lab | **Ernie Nelson**, FF (in ionad de Billy Kelleher T.D.)

Toghcheantar Lár Thuaidh

ó chlé go dheis:
Seanóir Noel O'Flynn T.D., FF | **Comhleoirí Kathleen Lynch T.D.**, Lab | **Bernard Allen T.D.**, FG | **Damien Wallace**, FF | **Con O'Leary**, NP | **Gary O' Flynn**, FF (in ionad de Noel O'Flynn T.D.) | **Catherine Clancy**, Lab (in ionad de Kathleen Lynch T.D.) | **Patricia Gosch**, FG (in ionad de Bernard Allen T.D.)

Toghcheantar Thiar Thuaidh

ó chlé go dheis:
Seanóir David McCarthy, FF | **Comhleoirí Tim Falvey**, FF | **Colm Burke**, FG | **Michael O'Connell**, Lab | **Jonathan O'Brien**, SF

Toghcheantar Thoir Theas

ó chlé go dheis:
Seanóir Terry Shannon, FF | **Comhleoirí Deirdre Clune**, FG | **Jim Corr**, FG | **Joe O'Flynn**, Lab | **Donal Counihan**, FF | **Sen. John Minihan**, PD | **Denis O'Flynn**, Lab (in ionad de Joe O'Flynn) | **Teresa O' Brien**, PD (in ionad de Sen. John Minihan)

Toghcheantar Lár Theas

ó chlé go dheis:
Seanóir Con O'Connell, NP | **Comhleoirí Seán Martin**, FF | **Tom O'Driscoll**, FF | **Denis Creegan**, FG | **Dan Boyle T.D.**, GP | **Chris O'Leary**, GP (in ionad de Dan Boyle T.D.)

Toghcheantar Thiar Theas

ó chlé go dheis:
Seanóir John Dennehy T.D., FF | **Comhleoirí Mary Shields**, FF | **Michael Ahern**, Lab | **Brian Birmingham**, FG | **P.J. Hourican**, FG | **Fergal Dennehy**, FF (in ionad de Snr. John Dennehy T.D.)

Foireann Bainistíochta
Chomhairle Cathrach Chorcaí

Príomh-Oifigigh

(Ina sheasamh ó chlé)

Pat Ledwidge,	Stiúrthóir Seirbhísí, Pobal agus Fiontraíocht
Dan Buggy,	Bainisteoir Cúnta na Cathrach
P. O'Halloran,	Oifigeach Pearsanra
Joe Kennelly,	Stiúrthóir Seirbhísí, Áineas, Conláistí & Cultúr
Tim Healy,	Ceann Airgeadais
Denis O'Mahony,	Stiúrthóir Seirbhísí, Comhshaol
Stephen Kearney,	Stiúrthóir Seirbhísí, Tithíocht agus Pobal
Kevin Terry,	Stiúrthóir Seirbhísí agus Innealtóir na Cathrach, Bóithre agus Iompar
Jim O'Donovan,	Stiúrthóir Seirbhísí, Pleanáil agus Forbairt

(Ina shuí ó chlé)

Ruth Buckley,	Ceann CF
John D. Flynn,	Stiúrthóir Seirbhísí, Gnóthaí Corporáideacha
Joe Gavin,	Bainisteoir na Cathrach
Deborah Hegarty,	Dlíodóir na Cathrach
Jack Healy,	Ailtire na Cathrach

Stiúrthóireacht Pleanála agus Forbartha

Plean Forbartha nua Chathair Chorcaí

Ar an 8ú Nollaig 2003 ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí le Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004, tar éis dóibh tréimhse fada a chaitheamh i gcomhairle leis an bpobal.

Tugann an plean cur síos ar pholasaithe Chomhairle Cathrach Chorcaí chun Cathair Chorcaí a fhorbairt sa tréimhse sé bhliana go deireadh 2009 agus déanann sé iarracht polasaí a dhíriú ar an gcathair a fheabhsú i réimsí éagsúla, ina measc cúrsaí sóisialta, eacnamaíocht, cultúr agus timpeallacht. Tá an plean suite laistigh de chreatlach straitéiseach Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí 2001-2020 (PSCC) agus leanann sé na tuairimí a nochtaítear i ndoiciméid straitéiseach Bhord Forbartha Chorcaí - "Imagine our Future: Integrated Strategy for Economic, Social and Cultural Development of Cork City 2002-2012," chomh maith le straitéisí agus pleananna áitiúla eile.

Tá trí phríomh-aidhm aige:

- Forbairt inbhuanaithe Chathair Chorcaí a chur chun cinn agus a éascú laistigh den chreatlach a leagtar amach sa PSCC.
- Cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus cothromaíocht rochtana a éascú san fhostaíocht, oideachas, iompar, tithíocht chuí agus struchtúr cultúrtha.
- Timpeallacht nádúrtha agus tógtha den scoth a chur chun cinn agus saol a fheabhsú dóibh siúd atá ina gcónaí agus ag obair i gCorcaigh agus ag tabhairt cuairt ar an gcathair.

Leagann Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004 amach léarscáil d'fhás fisiciúil agus athnuachan suntasach, fostaíocht agus gníomhaíocht eacnamaíocht den scoth agus cathair atá cuimsitheach ó thaobh sóisialta agus cultúrtha de, agus a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta aici mar áit den scoth le cónaí, obair agus infheistíocht a dhéanamh inti.

Ag tacú le Forbairt Nua

Le linn 2003 bhí athchóiriú na spásanna poiblí i Lár na Cathrach mar bhunús le h-athnuachan Lár na Cathrach agus na nDuganna. Faoi Nollaig 2003 bhí 45,000 méadar cearnach de spás oifige nua ceadaithe. Tá forbairtí nua suntasacha miondíol, cónaithe agus óstáin pleanáilte do Lár na Cathrach, leis.

Sna bruachbhailte chomh maith, tá forbairt faoi lánseol. Thosaigh forbairt mhór miondíol agus tráchtála i Meachan agus sa Linn Dhubh. Ceadaíodh athfhorbairt ar ionaid siopadóireachta i Douglas agus Wilton freisin.

Ceadaíodh ionaid siopadóireachta chomh maith.

Tugadh cead freisin do mhéaduithe móra ag COC, ITC agus Ospidéal Ollscoile Chorcaí.

Pleananna Áitiúla

Déanfar cur i bhfeidhm Phlean Forbartha nua na Cathrach a éascú trí Phleananna Áitiúla/Pleananna Gníomhaíochta agus Coimrí Forbartha a ullmhú a spreagann agus a thacaíonn le athfhorbairt agus athnuachan na cathrach. Tá tús curtha le pleananna dá leithéid do cheantar Cornmarket Street agus na Duganna Thuaidh.

Plean Forbartha nua Chathair Chorcaí

Athbheochan na Cathrach 2000-2006

Tá críoch nach mór leis an obair ar athnuachan Shráid Phádraig.

Scéim uaillmhianach í seo den scoth a laghdóidh trácht sa sráid cháiliúil siopadóireachta agus a dhéanfaidh atheagar ar amanna seachadta ar-shráid, stadanna bus agus stadanna tacsaithe, d'fhonn cumas comhshaoil Shráid Phádraig a mhéadú agus í a dhéanamh níos taitneamhaí do choisithe.

Seandálaíocht

Bhí obair sheandálaíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí dírithe ar thionchar Scéim Draenála Chorcaí agus Scéim Athnuachana an tSeandúin a mhaolú.

Aimsíodh iarsmaí in áiteanna eile seachas oibreacha Scéim Draenála Chorcaí, áfach agus don chéad uair le deich mbliana anuas, beagnach, bhí tochailtí móra ar siúl i gcroílár stairiúil Chathair Chorcaí. Agus athfhorbairt mhór ag teacht i gceathrú thoir-theas na sean-chathrach, cuireadh tús le tochailt leathan seandálaíochta. Thangthas ar thithe agus sraodbhallaí abhann ó aimsir na Lochlannach ar an Mhór-Shráid Theas. Tá tábhacht idirnáisiúnta leis na hiarsmaí caomhnaithe seo.

D'fhoilsigh Comhairle Cathrach Chorcaí dhá leabhar ar seandálaíocht agus stair Chathair Chorcaí. "The Laneways of Medieval Cork" le Gina Johnson agus "Excavations in Cork City 1984-2000" le Rose Cleary (COC) agus Maurice F. Hurley (Comhairle Cathrach Chorcaí). Cuireann na leabhair leis an dea-cháil atá ag Comhairle Cathrach Chorcaí cur síos iomlán dá dtochailtí seandálaíochta a fhoilsiú. Cuireadh staidéar ar bun ar reiligí Chathair Chorcaí le cuidiú airgid ón gComhairle Oidhreachta, agus cuireadh críoch le staidéar ar stair agus forbairt na Linne Duibhe atá le foilsiú i 2005.

Buaicphointí 2003

- Críoch le staidéar ar Reiligí Chathair Chorcaí (páirt-mhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta)
- Suirbhé ar Leacanna Cuimhneacháin Chathair Chorcaí (páirt-mhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta)
- Staidéar ar Stair agus Forbairt na Linne Duibhe
- Corcaigh roghnaithe mar ót-chathair don 11ú Comhdháil Bhliantúil de Chumann Eorpach na Seandálaithe (EAA) i 2005

Caomhnú

Tá Ceantair de Cháil Speisialta ainmnithe laistigh den Chathair .i. An Mhór-Shráid Thuaidh, Wellington Road/St. Luke's agus Grattan Hill. Tá sé d'aidhm ag an aimniúchán seo carachtar na háiteanna seo a chaomhnú, forbairt chuí a éascú agus gníomhartha lucht forbartha, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí stáit a chomhordú.

Tá Scéim na nDeontas Caomhnuithe ag cuidiú i gcónaí le hiarrachtaí úinéirí tithe agus talúna obair chuí athnuachana agus athchóirithe a dhéanamh ar thithe stairiúla. Le linn 2003 íocadh breis agus €105,000 de dheontais maidir le thart ar 20 teach.

I measc na mbuaicphointí caomhnuithe i 2003:

- 84 Douglas Street - áit a rugadh an t-údar Frank O' Connor
- 50 Pope's Quay - Civic Trust Building anois in úsáid ag Cathair Chultúrtha 2005
- Obair athnuachana ar Ardeaglais Naomh Fionn Bharra

Ceadanna Pleanála Suntasacha a Tugadh i 2003

(a) Cónaithe

- 500 árasán cathrach ag láithreáin éagsúla, ina measc Georges Quay, Lavitts Quay, Knapps Square, Carrolls Quay, Leitrim Street agus Copley Street.
- 550 teach (athchóiriú an Chlochair san áireamh) ag Clochar Ursuline, An Linn Dhubh
- Scéim Tithíochta ag Old Whitechurch Road.
- 120 teach ag iar-Chumann Gailf Silversprings.
- Athchóiriú The Mill Building, Fr. Mathew Quay le haghaidh úsáide árasáin.
- Watercourse Road - 70 árasán
- 300 teach/árasán, Rivers Edge, Mahon.
- Tithe shóisialta agus inacmhainne ag Mount Rivers agus Rope Walk

(b) Árasáin do Mhic Léinn

- 1200 spás leaba i scéimeanna ceadaithe i gceantar Victoria Cross agus in áiteanna

eile leis.

(c) Miondíol

- Scéimeanna stórála ag an Linn Dhubh, Kinsale Road, agus Meachan, 18,000 méadar cearnach san iomlán.
- Méadú mór de 10,000 méadar cearnach ar Ionad Siopadóireachta Douglas.
- Sármhargadh nua Tesco ag Wilton.

(d) Tráchtáil

- Oifigí do O'Callaghan Group agus Thomas Crosbie Holdings ag Cé Lavitt
- Óstán/Oifigí do Howard Holdings ag Cé Lapp.
- Oifigí/Miondíol ag the Polefield, An Linn Dhubh.
- Méadú óstáin 70 seomra leaba/20 árasán ag Kinsley Hotel, Carrigrohane Road
- Foirgneamh AIB Bank, Sráid Phádraig.

(e) Forais

C.O.C.

- Scoileanna nua Leighis agus Altranais ag Brookfield House, Bóthar an Choláiste.
- Scoil na Cógaseolaíochta, Bóthar an Choláiste.

ITC

- Blocanna nua do mhic léinn agus do Chóiriú Bia

Ospidéal Ollscoile Chorcaí

- Ospidéal máithreachais 6-urlár
- Foirgneamh do Scagdhealú Duánach
- Stáisiún nua do Bhusanna, Anderson's Quay.

- St. Johns VEC Campus, Sawmill Street
- Ionad "Páirceáil agus Taisteal" 900 spás de chuid Comhairle na Cathrach ag Bóthar Chionn tSáile.
- Campas Cathrach Inbhuanaithe, Bóthar na Laoi.

Glactar leis go leanfar d'fhorbairt Chorcaí ag an ráta sin i 2004.

Is cosúil go mbeidh iarratais shuntasacha pleanála ann do láithreáin áirithe i 2004, mar seo a leanas:

(a) moltaí do mhiondíol céadoird ag Sráid Phádraig agus Cornmarket Street

(b) athfhorbairt ar cheantar Chuan na Linne Duibhe

(c) láithreáin éagsúla sna Duganna, Horgans Quay ina measc agus Barrys Timber Yard / former Cork Harbour Commissioners land on lower

Straitéis na nDuganna

Agus tús curtha le hathnuachan Ché Lapp - togra EUR100 milliún - is féidir a rá go bhfuil tús ceart curtha le cur i bhfeidhm Straitéis na nDuganna, a thabharfaidh ceantar cathrach nua don chathair. Críochnaíodh an straitéis i 2002 agus cuireadh san áireamh í nDréachtPhlean Forbartha na cathrach. Tá sé ar cheann de na pleananna fadradharcacha a chuirfidh cruth ar chathair an todhchaí, ag cur áiseanna conláistí, oideachais, cónaithe agus tráchtála ar fáil don taobh thoir den chathair ina mheascán bríomhar agus samhlaíoch. Leag Comhairle na Cathrach ráiteas misin amach do na Duganna mar seo a leanas:

"Forbairt na nduganna a spreagadh, a mhúnlú agus a éascú chun ceantar cathrach nua den scoth a chruthú, le húsáid mheasctha, áit a thiocfaidh borradh ar phobal, ar eolas agus ar nuálacht, agus go mbeidh na duganna ag treorú agus ag tacú le spriocanna Chorcaí mar chathair mhuiníneach, iomaíoch, chairdiúil de chuid na 21ú haoise."

Ag Cé Lapp, feicimid torthaí na straitéise. Tá an lucht forbartha, Howard Holdings, ag plé leis an gcéad ghné de thogra na nduganna, a chuirfidh óstán le 200 seomra leaba agus 80,000 troigh cearnach ar fáil, chomh maith le thart ar 20,000 troigh cearnach de spás tráchtála agus lárionad comhdhála idirnáisiúnta - iad ar fad taobh istigh de dhá >>

Straitéis na nDuganna

>> fhoirgneamh nasctha de sé urlár. Ciallaíonn an fhorbairt seo, in éineacht leis an dTogra Webworks ag Cé Albert, a thosóidh go luath, go mbeidh an straitéis faoi lánseol i 2004.
Tá togra na nduganna ar cheann de phríomhaidhmeanna Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC), atá ceadaithe ag an Straitéis Spásúil Náisiúnta, agus is dócha gurb é an plean athnuachana is uaillmhianaí riamh a cumadh do Chorcaigh.

Faoina chúram, agus le dearadh nua-aimseartha den scoth agus réimse d'úsáideanna measctha, athrófar ceantar na nduganna ina cheantar a chuirfidh bród ar chathair Chorcaigh agus a saoránaigh.

Nuair a chríochnófar an scéim ollmhór sin, Scéim Draenála Chorcaí, beidh abhainn na Laoi athchóirithe agus i seilbh na ndaoine arís mar acmhainn mhór ina mbeidh snámh agus caitheamh aimsire ceadaithe arís. Tógfar suas le 6,000 teaghlach mar chuid den athnuachan ar cheantar a bhí ligthe i léig, agus beidh tuairim agus sé mhilliún troigh cearnach de spás neamh-chónaithe ar fáil d'oifigí, forais oideachais, siopaí chomh maith le himeachtaí cultúrtha agus áineasa ar na duganna thuaidh agus theas. Beidh páirceanna tírdhreachaithe agus bealaí siúil den scoth ann, chomh maith le háiteanna feistithe do bháid agus cé bádóireachta, rudaí a chuirfidh le tarraingtheacht an cheantair cathrach thar an 25 bliain mar a leathnaíonn an togra amach ina chéimeanna.

Tá sé mar aidhm againn go mbeidh ceantar athchóirithe na nduganna ina chuid lárnach agus riachtanach den seanchathair, ag cur beocht agus beatha inti, agus go gcuirfidh sé deiseanna sainiúla infheistíochta ar fáil ar bhunús comhpháirtíochta phoiblí/phríobháideach. Ar an dtaobh poiblí amháin, caithfear thart ar EUR 390 milliún ar infreastruchtúr, rud a mheallfaidh infheistíocht phríobháideach, ceaptar, de luach suas go €2.2 billiún le linn saoil an phleain. Mar chruthaitheoirí na straitéise sainiúla seo, beidh sé de chúram ar Chomhairle na Cathrach gach céim den fhorbairt a éascú, agus é ar cheann de scéimeanna infheistíochta príobháideacha is fearr sa Stáit.
Déanfar Stáisiún Ceannt a athfhorbairt, á bhogadh níos gaire don abhainn agus aghaidh aige ar an gcathair. Cuirfear naisc traenach ar fáil do stáisiúin nua atá molta ag Kilbarry, Monard/Rathpeacon, ag freastal ar imeall thuaidh na cathrach, áit a mbeidh áitriú nua, a thabharfaidh postanna, tithíocht agus rachmas nua don chuid seo de Chorcaigh.

Beidh athfhorbairt ar stáisiún na mbusanna leis ionas go ndéanfar lárionad straitéise iompair na cathrach de, le trí phríomh-shruth. "Routes will include: Mahon to City Hall, City Hall to Kent Station and the south/north docks, using the loop which will be provided by the proposed new bridge at Water Street, and City Hall/Kent Station to UCC and CIT via Mac Curtain Street, Patrick Street and Western Road".
San cheantar cathrach nua-thógtha, beidh béim mhór ar chóras iompar poiblí iontaofa agus éifeachtach chun nasc gan uaim a chinntiú idir na háiseanna nua agus lár na cathrach. Tá na tionscnaimh seo beartaithe don chéad chéim den fhorbairt de réir mar a leathnaíonn lár na cathrach soir, chomh maith le méadú ó thuaidh de Pháirc Kennedy a bheidh in aice le cuan nua bádóireachta san duganna theas agus a chruthóidh radharcanna taitneamhacha trasna na habhann go Montenotte agus St. Lukes.

Le linn na tréimhse ama seacht mbliana den chéad chéim, tiocfaidh áiseanna nua oideachais ar an saol, de chuid COC agus ITC nó an dá cheann acu. Cuirfear campas ard-teicneolaíochta ar bun in aice le Páirc Uí Chaoimh, agus seirbhís teileachumarsáide leathanbhandach ann, agus ansin beidh an ceantar cathrach is úire i gCorcaigh réidh chun postanna taighde-bhunaithe san tionscail is nua-aimseartha a mhealladh. Sa dara chéim, leathnóidh an méadú thoir chomh fada le Cé Horgan agus déanfar na duganna thuaidh a fhorbairt i scéin le húsáid mheasctha timpeall ar chearnóg an stáisiúin nua. Beidh 1,200 árasán ann, spás poiblí, áiseanna fóillíochta agus bádóireachta, bialanna agus siopaí agus cosán spaisteoireachta, mar a lonnaítear Cé Horgan ar chúl an spáis nua cathrach, ag cur spás ar fáil ar bhruach na habhann.
Sa chéim deiridh den togra ollmhór seo, a thosóidh tar éis don dara chéim a bheith críochnaithe in 2014, beidh inlíonadh ann de réir mar a bhuaileann leathnú soir na cathrach le taobh an iarthair den scéim áit a lonnófar na háiseanna oideachais agus ceantar tráchtála Centre Park Road.

Stiúrthóireacht Áineas, Conláistí & Cultúr

Cuireadh roinnt áiseanna nua ar fáil le déanaí - deineadh tromlach na hoibre i 2003.

Machaire Gailf Mheachain

Tá obair tógála críochnaithe ar an áras gailf nua ag Cumann Cathrach Gailf Ted McCarthy. Tá seomraí feistis ann d'fhir agus do mhná, cithfholcthaí, siopa táillí gailf, agus seomra cruinnithe.

Oibreacha Forbartha Pháirceanna

Leagann Plean Corporáideach agus Straitéis na bPáirceanna de chuid Comhairle na Cathrach amach aidhmeanna soiléire do sholáthar pháirceanna, faichí imeartha, áiseanna siúil agus d'Oibreacha Feabhsuithe Thírdhreach d'fhonn áiseanna a chur ar fáil le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach agus neamhghníomhach agus chun íomha na cathrach a fheabhsú.

Tá dul chun cinn maith déanta i soláthar agus forbairt pháirceanna áitiúla. Siad seo Tory Top Park Ballyphehane, Clashduv Park, Togher, Gerry O Sullivan Park, Churchfield, Meelick Park, Ballyvolane, and Shalom Park. Forbraíodh na páirceanna i gcomhairle le hionadaithe áitiúla, an pobal áitiúil, clubanna agus cumainn áitiúla. Tá an-mheas ag an bpobal ar na páirceanna seo - páistí, daoine ar scor agus daoine aosta ach go háirithe. Le linn 2004, déanfar oibreacha móra forbartha i bPáirc Loughmahon at Mahon, Glenamoy Park in Mayfield and St. Annes Park in Shandon.

I measc na noibreacha feabhsuithe thírdhreach tá: crainn leath-fhásta a chur i Lár na Cathrach, ceantair spáis agus ciumhaiseanna bóthair, ceapacha agus umair bláthanna a chur ar fáil ag suíomhanna tábhachtacha ar fud na cathrach, agus bleibíní atá tugtha chun cineáil a chur.

Méadú an Mhúsaeim

Cuireadh tús le méadú nua-aimseartha ar Mhúsaem na Cathrach i bPáirc Mhic Gearailt i 2003 agus tá an obair le bheith críochnaithe i Lúnasa 2004. Nuair a chríochnófar é cuirfidh an fhorbairt seo breis agus 500 méadar cearnach de mhéadú ar spás taispeána maraon le h-áiseanna breise (smachtú aeráide, stóráil, taighde agus athchóiriú). Beidh bialann ar an láthair mar áis bhreise don phobal.

Stúrthóireacht na mBóithre agus Iompair

I measc bhuaicphointí na bliana bhí an obair leanúnach ar Scéim Athchóirithe Sráid Phádraig (de luach €11 milliún) atá tar éis atmasféar nua agus bríomhar a chruthú ar phríomhshráid na cathrach ó Patrick's Bridge go Daunt Square.



Tá an obair ag dul ar aghaidh de réir an chlár ama agus tá sí le bheith críochnaithe in Iúl 2004, in am maith do cheiliúradh Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa i 2005. Leanadh den obair ar Scéim Athnuachana Shandon Street (de luach €1.7 milliún) a thabharfaidh spreagadh don cheantar stairiúil seo den chathair nuair a chríochnófar i 2004 í. Ina theannta sin leanadh den obair ar Scéim Athnuachana Cathrach Watercourse Road/Thomas Davis Street (de luach €3.5 milliún) sa Linn Dhubh.

Leanadh le suiteáil Líonra Leathanbhanda Cheantar Cathrach Chorcaí i 2003 freisin. Tá an líonra seo á mhaoiniú ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Comhairle Cathrach Chorcaí agus an AE, agus bhí an líonra nua atá 60km. ar fhad geall le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2003. Gné riachtanach is ea an líonra den infreastruchtúr feabhsaithe atá á fhorbairt ag an gcathair chun leas a bhaint as na féidirtheachtaí fáis a chuirfear ar fáil de bharr ainmniúcháin Chorcaí mar "gheata" sa Straitéis Spásúil Náisiúnta. Nuair a chríochnófar é, cuideoidh an líonra go mór le soláthar áiseanna nua-aimseartha tapa cumarsáide do thráchtáil, tionsclaíocht agus oifigí poiblí.

Le linn 2003 freisin, cuireadh clár athdhromchluithe leanúnach ar siúl ar 47 bealach tráchta agus 28 bóthar eastáit, agus deisíodh cosáin lochtacha ar 200 bóthar. Bhí caiteachas iomlán de €9.5 milliún ar chothabháil na mbóithre faoi theidil éagsúla. Mar chuid de Phlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí (PSCC), tosaíodh ar na Bealaigh Ghlas a chur i bhfeidhm agus tá obair tosaithe ar thrí cinn den deich mbealach. Thosaigh obair ar an áis "Páirceáil agus Taisteal" le 920 spás ag Black Ash agus osclaíodh Céim 1 den áis sin i Mí na Samhna 2003, agus seirbhís nua bus á sholáthar ón suíomh sin go dtí Cé Lapp.

Deineadh ceantair dhiosc-pháirceála a leathnú amach agus cuireadh an Córas Smachtaithe Tráchta Cathrach i bhfeidhm in a thuilleadh áiteanna sa chathair. Cuireadh seastáin nua rothair ar fáil i lár na cathrach maraon le háiseanna feabhsaithe do rothaithe, agus cuireadh córas dhá-bhealach ar ais i bhfeidhm in a thuilleadh sráideanna. Gearradh siar ar an am a ghlactar le cinní a dhéanamh maidir le hachainíocha faoi chlampáil agus tarraingt.

Pobal & Fiontraíocht

Tá Stiúrthóireacht Phobail agus Fiontraíochta freagrach as Clár Áitiúil 21, Forbairt an Phobail, Cuimsitheacht Shóisialta (tríd an Aonad Chuimsitheacht Shóisialta) agus Forbairt Fiontraíochta agus Eacnamaíochta.

Mar chuid de ghníomhartha Chomhairle na Cathrach don Bhliain Eorpach do Dhaoine faoi Mhíchumas, rinne an Stiúrthóireacht an méid seo a leanas:

Comhdháil ar Mhíchumas

Bhí Comhairle Cathrach Chorcaí ina comheagraí ar an gcomhdháil "Access all Areas" a cuireadh ar siúl i Halla na Cathrach ar 19ú Meán Fómhair. Bhí an chomhdháil seo mar chuid d'imeachtaí Chorcaí don Bhliain Eorpach do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Bhí toscairí ag an ócáid ó réimse leathan oibre - lucht pleanála, ailtirí agus innealtóirí ina measc - iad ar fad freagrach as an dtimpeallacht tógtha. Chomh maith leo sin, bhí ionadaithe ann ó fhorais reachtúla a bhíonn ag plé le soláthar seirbhísí agus iompar, agus ó ghrúpaí rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ó gach cearn den tír.

Ard-Mhéara Chathair Chorcaí, an Comhairleoir Colm Burke a d'oscail an chomhdháil, agus thug Pat Cox, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, an phríomhóráid. I measc na gcainteoirí eile bhí Joe Gavin, Bainisteoir Chathair Chorcaí agus Julie O'Leary, déagóir agus mac léinn Éireannach faoi mhíchumas, a bhuaigh duais sa rannóg "Sóisialta agus lompraíocht"
ag comórtas "Eolaí Óg na Bliana ESAT 2003."

"ABOUT CORK"

Thug Stiúrthóireacht Phobail agus Fiontraíochta faoi leabhrán rochtana a chur ar fáil do Lár na Cathrach i gCorcaigh. Tá sé i gceist go mbeidh an leabhrán, "About Cork", ina eolaire ar ionaid inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i gCorcaigh nó ar chuairt ann. Tugann sé eolas ar ionaid atá inrochtana faoi na teidil seo a leanas - Cultúr agus Spraoi, Siopadóireacht, Tithe Tabhairne, Lóistín, Béilí agus Uimhreacha Úsáideacha.

Aonad Chuimsitheacht Shóisialta

Críochnaíodh an Plean do Mheasúnú agus Gníomhartha um Chuimsitheacht Shóisialta i 2003. Ghlac Comhairle na Cathrach leis na cáipéisí seo agus seolfar iad go hoifigiúil i 2004.

Chomh maith leis sin, fuair an tAonad maoiniú ón Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta do Phleanáil Corporáideach. Cuirfidh sé seo prionsabail Chuimsitheacht Shóisialta chun tosaigh.

Clár RAPID Chathair Chorcaí

Is ó neart go neart a chuaigh Clár RAPID Chathair Chorcaí i rith na bliana. Ag an leibhéal áitiúil, lean na ceithre foirne áitiúla RAPID ag pleanáil agus ag comhordú seirbhísí. Thug roinnt Ranna Rialtais tús áite do cheantair RAPID i bhforbairt agus cur i gcrích a gcláracha, rud a thacaigh go mór le ról na bhfoirne áitiúla:

Thug an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tús áite do cheantair RAPID ar thrí bhealach go dtí seo:

- Leathnaíodh na Boird Leasa Oideachais.
- Cuireadh scéim chaipitil do scoileanna ar bun.
- Cuireadh deontas oideachais phobail breise ar fáil.

Thug an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta tús áite do cheantair RAPID le Deontais Chaipitil Spóirt.

Tá tús áite tugtha ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí do cheantair RAPID maidir leis an gClár Comhdheiseanna um Chúram Leanaí.

Tá Ciste Áitiúil bunaithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le tograí beaga a chur chun cinn i gceantair RAPID.

Tá tús áite tugtha do cheantair RAPID maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin.

Mar thoradh air seo go léir, tá níos mó cumhachta á fháil ag na Foirne Áitiúla agus tá an beartú tosaíochta a gheall na Ranna Rialtais níos feiceálaí anois.

Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2005



Bliain lán de ghníomhaíocht agus d'athruithe ab ea 2003 in oifig Corcaigh 2005. I Mí Márta, chuir Corcaigh 2005 Glaoch Poiblí ar bun, áit a raibh deis ag an bpobal a dtuairimí féin a chur isteach faoi na himeachtaí a chuirfear ar fáil le linn 2005.

Bhí an Glaoch Poiblí seo ar oscailt go dtí Meán Fómhair 2003 agus d'éirigh thar barr leis - breis agus 2000 smaoineamh ó gach cearn den tír agus den domhan. Bhí réimse an-leathan smaointe ann, ag plé leis na foirmeacha cultúrtha ar fad agus ag teacht ó áiteanna chomh fada amach le Tasmania. Rinne Foireann Chlár Corcaigh 2005 na tuairimí a scagadh agus beidh siad mar bhunús le cuid mhaith den chlár don Phríomhchathair Chultúrtha.

Tháinig méadú mór ar fhoireann Corcaigh 2005 le linn 2003, méadaíodh ar líon na foirne ó 4 ag tús na bliana go 19 ag deireadh na bliana. Fostaíodh Stiúrthóirí agus foireann i réimsí Airgeadais, Maoiniú, Bainistiú Tograí, Riarachán agus Cumarsáid. Tá sé d'aidhm ag an gcomhlucht foireann de 25 a bheith ann.

Tháinig forbairt ar an gclár don bhliain mar Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa le linn na bliana, agus tograí á bhforbairt i réimsí Ailtireachta, Ceirdeanna, Damhsa, Dearadh, Scannáin, Bia, Litríocht, Ceol, Spórt, Drámaíocht agus na hEalaíona Amhairc. Faoi Lúnasa 2003, d'fhógair an comhlucht go raibh conarthaí déanta aige don chéad ocht togra a roghnaíodh ón nGlaoch Poiblí, agus go measann sé go mbeidh thart ar 130 togra sa chlár deiridh, is ionann sin agus thart ar 5000 imeachtaí. Ina dhiaidh sin, lean an comhlucht ag forbairt an chláir sin bunaithe ar an nGlaoch Poiblí agus chuir tús leis an bpróiséas coimisiúnaithe sa bhFómhair. Beidh sé de thoradh ar an bpróiséas coimisiúnaithe go bhfeicfear saothar scoth na n-ealaíontóirí idirnáisiúnta i gCorcaigh i rith na bliana, agus cuireann seo go mór leis an gclár a bhunaítear ar an nGlaoch Poiblí.

I rith na bliana, bhí cuairteanna cómhalartacha ann le Corcaigh 2005 ag dul go dtí Príomhchathracha Chultúrtha eile na hEorpa (Graz, Genoe-Lille, Liverpool), deineadh naisc a láidriú le cathracha eile in Éirinn a bhí in iomaíocht d'ainmniúchán 2005, agus chuireamar fáilte le slua mór de thoscaireachtaí, ambasáidí, iriseoirí srl. Le linn 2003 bhuail Corcaigh 2005 leis na céadta de ghrúpaí - eagraíochtaí ealaíona, sóisialta, pobail, cultúrtha, rialtais, ionadaíocha agus gnó ina measc.

Faoi dheireadh 2003, ba léir go mbeidh Corcaigh réidh le saothar scoth na gcuideachtaí idirnáisiúnta agus na ndaoine aonaracha in Éirinn agus san Eoraip a chur i láthair. Beidh cuid shuntasach den chlár á léiriú ar shráideanna athchóirithe na cathrach agus in áiteanna poiblí, sa chathair agus san pobail máguaird. Tá athrú mór ag teacht ar an gcathair agus i 2005 beidh sí ag feidhmiú mar stáitse do chlár imeachtaí spreagúil agus fuinniúil.

Tithíocht agus Pobal

Plean Straitéiseach Cúig Bliana na Roinne Tithíochta

Is gné bhunúsach de Phlean Straitéiseach Cúig Bliana Roinn Tithíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí é an córas bhainistiú tithíochta ceantar-bhunaithe a thabhairt isteach. Tá an plean bunaithe ar thuairim na Roinne Tithíochta go bhfuil gá le cur chuige straitéiseach chun córas a chruthú le seirbhís feabhsaithe a sholáthar, a aithníonn an dúil atá ann le haghaidh pobail slán, sona agus inbhuanaithe atá in ann iad féin a athchruthú.

Beartaíodh go ndéanfaí bainistiú ar thithíocht Chomhairle Cathrach Chorcaí agus soláthar seirbhísí gaolmhara a roinnt idir thriúr Bainisteoir Ceantair Tithíochta a bheadh freagrach as ceantair éagsúla sa chathair. Thosaigh an dara chéim de bainistiú ceantar-bhunaithe in oir-thuaisceart na cathrach i 2003.

Oifig Tithíochta Cheantar an Oirthuaiscirt

I ndiaidh oscailt na hoifige sa cheantar thiar-thuaidh leathnaíodh an córas bhainistiú ceantar-bhunaithe go dtí ceantar Mayfield agus An Gleann, agus d'oscail na hoifigí don phobail i Mí na Samhna 2003. Tá an phríomhoifig lonnaithe in Ionad an Phobail in Ardbhaile agus fo-oifig ag 109 Arderin Way, An Gleann.

Tá fáilte curtha ag pobal na háite roimh an gcóras ceantar-bhunaithe. Tugann sé deis dóibh cúrsaí tithíochta a phlé ar nós cíos, iarratais ar dheisiúcháin, fiosrúcháin maidir le haistriú, agus cúrsaí a bhaineann le bainistiú eastáit.

Cuid den straitéis a bhaineann le bainistiú ceantar-bhunaithe is ea an comhoibriú dlúth le pobal na háite. Tá sé i gceist againn bualadh leis an méid is mó den phobal agus is féidir agus iad a spreagadh le bheith mar bhaill ghníomhacha de "Tenants Fora" atá mar chuid an-tábhachtach den Straitéis Tithíochta 2001-2004.

Is iad seo a leanas na feidhmeanna a ndéantar bainistiú orthu ar bhonn áitiúil:

- Cíos a mheas agus smachtú ar riaráistí
- Dáileadh tithíochta agus aistrithe
- Smachtú folúntais
- Cothabháil freagartha
- Measúnú ar chothabháil pleanáilte
- Feallta tionóntachta
- Rannpháirtíocht Tionónta

Caipiteal Tithíochta

4 fhorbairt eochróra ina raibh 136 aonad

Síníodh conarthaí agus thosaigh obair ar 136 aonad a thógáil mar chuid d'fhorbairtí eochróra do thithíocht shóisialta i 2003.

I measc na dtograí tá:

- 39 aonad ag Regina Mundi, South Douglas Road.
- 47 aonad ag Caseys Land, Castle Road, Blackrock.
- 42 aonad ag Berlingford Drive, Blackrock.
- 8 aonad ag Sunvalley Drive, Fairhill.

Bhí 148 aonad eile críochnaithe nó geall leis ag deireadh 2003.

Ceannach Tithíochta

Tá ceannach foirgintí chun riachtanais tithíochta a shásamh ag comhlíonadh pholasaí an Rialtais chun deighilt shóisialta a chosc. Sa bhliain 2003 tháinig Comhairle Cathrach Chorcaí ar shocruithe chun 53 theach a cheannach.

Tithíocht Inacmhainne

Síníodh conarthaí agus thosaigh obair ar 100 aonad a thógáil do thithíocht inacmhainne.

I measc na dtograí tá:

- 53 aonad ag Caseys Land, Castle Road, Blackrock.
- 14 aonad ag Berlingford Drive, Blackrock.
- 33 aonad ag Buckleys Field, Blackrock

(I gcomhpháirt le Cumann Tithíochta an tSeanbhaile)

Críochnaíodh agus dáileadh 21 aonad eile ag Hollyhill Lane, Hollyhill.

Scéimeanna Athchóirithe/Athnuachana

An Gleann

Tá obair ar siúl i gcónaí ar Chéim 1 de Thogra Athnuachana an Ghleanna. Tá an chéim seo le críochnú i Meán Fómhair 2004. Tá comhairleoireacht agus dearadh tosaithe ar Chéim 2 den togra seo.

Ollphlean Chnoc na hAoine

Tá Moltaí do Bhloc D d'Ollphlean Chnoc na hAoine fógraithe faoin bpróiséas pleanála Cuid 8.

An Tóchar/Carraig an Déin

Cuireadh srac-mholtaí d'athchóiriú Eastát Charraig an Déin faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. D'iarr an Roinn ar Chomhairle na Cathrach measúnú a dhéanamh ar an bhféidirtheacht Comhpháirtíocht Phoiblí/Phríobháideach a úsáid mar bhealach le h-athchóiriú a bhaint amach. Tá mionchoimre pleanála á hullmhú faoi láthair ag féachaint le fógra foirmeálta agus comhairleoireacht a dhéanamh go luath sa bhliain 2004.

Tithíocht Dheonach

Tá maoiniú ar fáil do sholáthar tithíochta ag an Earnáil Dheonach faoin Scéim um Chabhair Chaipitil agus an Scéim Iasachta Chaipitil agus Fóirdheontais. Aithnítear tábhacht na hEarnála Deonacha i méadú líon na tithíochta chun freastal a dhéanamh ar riachtanais thithíochta shóisialta - soláthar do shainriachtanais agus cóiríocht do dhaoine éislinneacha ach go háirithe. Tá méadú mór tagtha ar obair san Earnáil Dheonach san blianta deiridh agus leanadh leis an dul chun cinn seo i rith na bliana 2003, agus tá tuilleadh tograí le tosú i 2004. Tá coimriú ar na scéimeanna anseo thíos:

Scéim Iasachta Chaipitil agus Fóirdheontais:

1. St. Pancras Housing Association, White Street
   Obair críochnaithe ..... 36 Aonad
2. Broad Lane,Blackpool, Cluid Housing Association
   Obair tosaithe ..... 28 Aonad
3. Respond! Voluntary Housing, Blackpool Flats
   Obair tosaithe ..... 12 Aonad

76 Aonad

Scéimeanna um Chabhair Chaipitil:

1. St. Vincent de Paul, Grattan Hill
   Obair críochnaithe ..... 4 Aonad
2. Respond! Voluntary Housing Blackpool Flats ..... 101 Aonad
   Obair tosaithe
3. Cork Simon Community ..... 7 Aonad
   Críochnaithe agus in úsáid i 2003
4. Right Of Place ..... 10 Aonad
   Críochnaithe agus in úsáid i 2003
5. Sacred Heart Missionaries
   Obair críochnaithe ..... 14 Aonad
6. Bishopstown Senior Citizens
   Obair tosaithe 25 Aonad
7. Farranree Sheltered Housing .... 39 Aonad
   Cead faighte ón Roinn C.O.R.Á.
8. Skiddy's Almshouse
   Obair le tosú i 2004 ..... 15 Aonad
9. Cope (Knocknaheeny)
   Obair críochnaithe ..... 10 Aonad
10. Cork Simon Community
    Obair tosaithe ..... 13 Aonad

238 Aonad

Stiúrthóireacht an Chomhshaoil

Scéim Draenála Chorcaí

Tá deireadh ag teacht leis an obair ar Scéim Draenála Chorcaí, an togra cóireála is mó riamh in Éirinn. Déanfaidh an Scéim deimhin de go gcomhlíonfar Treoir um Dramhaíl Uisce de chuid an AE agus Plean Gníomhaíochta Comhshaoil de chuid an Rialtais. Tá an Scéim á comh-mhaoiniú ag Ciste Comhtháthaithe na hEorpa agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Beidh costas de bhreis agus €300 milliún ar an Scéim.

Tá 20 conradh mór innealtóireachta shibhialta i gceist, agus seo a leanas an obair a dhéantar:

- Gach sileadh d'eisilteach neamhchóirithe in Abhainn na Laoi a bhailiú agus a thabhairt chuig an ionad nua cóireála ag Carrigrennan
- Córas nua séarachais a thógáil do Central Island
- Ionad cóireála do dhramhaíl uisce a thógáil

Tá na conarthaí ar fad críochnaithe nó beagnach críochnaithe anois agus tugtar srutha ón Chathair agus Tramore Valley chuig an Ionad Cóireála nua do chóireáil. Tá an tIonad Cóireála do Dhramhaíl Uisce ag obair agus ag cóireáil eisiltigh go leibhéal an-ard. Beidh deireadh leis an gcéim seo - cur i bhfeidhm agus trialacha - i lár 2004.

Cathair Chorcaí ag cur feabhas ar Sholáthar Uisce

Tá polasaí curtha i bhfeidhm ar sceitheadh uisce a chosc go gníomhach.
Tá athchóiriú an phríomh-phíopa uisce á dhéanamh in éineacht le Scéim Draenála Chorcaí agus conarthaí lintéir agus mar chuid de Scéimeanna Athnuachana Cathrach agus Sráideanna. Tá réamh-thuarisc ullmhaithe ag Carl Bro Ryan Hanley & Co, Innealtóirí Comhairleacha do leagan amach na hoibre ar athchóiriú an phríomh-phíopa uisce, a mbeidh costas thart ar €120 milliún air sa tréimhse 2004 go 2016.
Tá Halcrow Barry-Fehily Timoney, Innealtóirí Comhairleacha ainmneacha mar Ionadaí an Chliaint chun athchóiriú a phleanáil do Oibreacha Uisce Bhóthar na Laoi. Tá réamh-thuairisc a d'ullmhaigh an dream céanna ceadaithe ag an Roinn C.O.R.Á. d'athchóiriú an tsean-phíopa arduithe go Shanakiel. Tá Cáipéisí Conartha ullmhaithe ag Atkin's, Innealtóirí Comhairleacha, do thógáil príomh-phíopa uisce nua d'iarann insínte, 600mm ar thrastomhas, ó Scéim Uisce Chomhairle Contae Chorcaí sa Ghlaiseach Bhuí ag Little Island go hEastáit Tionsclaíochta Tivoli le sruthanna tine a fheabhsú.
Tá Comhairle Cathrach Chorcaí páirteach in ullmhúchán Phlean Straitéiseach Uisce do Chomhairle Contae Chorcaí (Rannóg Theas) agus Comhairle Cathrach Chorcaí.
Tá Tuairisc Féidirtheachta as sholáthar uisce chuig Limistéar Forbartha na nDuganna ullmhaithe ag Carl Bro-Ryan Hanley & Co., Innealtóirí Comhairleacha.
Moltar Taiscumair Stórála breise do cheantair ina bhfuil soláthar ag leibhéal íseal nó ag an idirleibhéal.
Tá tuirbíní uisce nach raibh in úsáid ag na sean-Oibreacha Uisce á n-athchóiriú chun hidrileictreachas a ghineadh. Is é an tUas. Dan Twomey, Innealtóireacht Chumhacht Uisce, atá i bhfeidhil na hoibre sin. Díoltar an leictreachas chuig E.S.B. Power Grid ar choinníollacha atá socraithe.
Tá maoiniú faighte chun na foirgintí agus innealra ag na sean-Oibreacha Uisce ar Bhóthar na Laoi a chaomhnú agus a fhorbairt mar Ionad Taispeántais agus Oidhreachta Tionsclaíochta agus Campas Cathrach Inbhuanaithe.

Suíomhanna "Beir Leat"

Ag tús na bliana 2003 bhí 29 suíomhanna beir leat i gCathair Chorcaí. Caithfear a fhad níos mó ionad a sholathair chun bualadh leis an gcuspóir atá lagtha sa pholasaí aitúil agus naisiúnta (sé sin suíomhanna beir leat de gach míle daoine).
Fuair Comhairle Cathrach Chorcaí ciste de €107,000 ón Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil chun suíomhanna beir leat a méadú ó 29 go 41 sa bliain 2003.
Tá na suíomhanna beir leat lagtha amach agus togtha i dtreo is go mbeidh laghdú ar an mbruascar agus go mbeidh siad níos éasca iad a choimead glan. Tá siad go léir togtha i nó in aice le charrchlósanna i dtreo is go mbeadh sé níos éasca don lucht phobail iad a aimsiú. Laghdaíonn sé seo an dochar ar na háiteanna conaithe agus ar na haistir breise.
Tá sé ar intinn ag Comhairle Cathrach Chorchaí leanúint ar aghaidh leis an bpolasaí seo chun níos mó ionad a sholathair ar fud na cathrach. Tá Chomhairle Cathrach Chorchaí ag lorg ionad oiriúnacha eile i láthair na huaire chun níos mó suíomhanna beir leat a

Roinn Ailtire na Cathrach

Tograí Cathracha

Le linn na bliana 2003, mar ullmhúchán don bhliain ina mbeidh Corcaigh mar Phríomhchathair Chultúrtha na hEorpa, bhí Roinn Ailtire na Cathrach páirteach go mór i bpleanáil agus forbairt mhór-thograí cathrach sa Chathair, iad seo a leanas ina measc:

Teach Cúirte Chorcaí, Sráid Washington

Sa chaoi is go ndéanfaí obair fhíor-riachtanach athchóirithe a chur chun cinn ar cheann de na foirgintí cathrach is feiceálaí agus is stairiúla, bheartaigh Comhairle Cathrach Chorcaí an obair a mhaoiniú i bhFeabhra 2003. Thosaigh obair ar an láthair in Aibreán 2003 agus tá an foirgneamh le críochnú i bhFómhair na bliana 2004.



Cruthaíodh log solais gloinithe, leagadh síos urlár nua gloine agus cloiche, íslíodh leibhéal an bhunurláir agus deineadh obair athchóirithe ar an taobh istigh. Beidh seacht seomra cúirte san iomlán sa Teach Cúirte nua, maraon le seomraí don Bhreitheamh, seomraí comhairle agus seomraí cruinnithe agus, i gcás trí chinn de na seomraí cúirte, seomraí do ghiúirithe freisin.

Músaem Poiblí Chorcaí, Pháirc Mhic Gearailt, Céim 2

Deineadh obair dheartha le linn 2003, ag féachaint leis an urlár thuas a réiteach sa chaoi is go mbeidh an méadú seo, a bhfuil gradam tuilte aige cheana féin, críochnaithe faoi 2005.

Oifigí nua na Cathrach

Tar éis dúinn grinnstaidéar a dhéanamh ar Oifigí nua na Cathrach i nGaillimh, Luimneach agus Fine Ghall, bhí Oifig Ailtire na Cathrach páirteach i gcruinniú agus comhordú chritéir feidhmíochta agus sonraí faisnéise. Ullmhaíodh agus cuireadh amach ar thairiscint an fhaisnéis forbartha do na hOifigí Cathrach nua atá molta i 2003. Tá an suíomh idir Halla na Cathrach agus an Stáisiún Dóiteáin ar Shráid Anglesea. Tá an foirgneamh atá molta suite i gcroílár Champas Halla na Cathrach agus is smaoineamh bunúsach é go mbeidh sé mar nasc idir chodanna an champais agus mar lárionad riaracháin Chomhairle Cathrach Chorcaí. Cuirfear áiseanna ar fáil sna hOifigí Cathrach d'fháiltithe poiblí agus do chruinnithe, maraon le hoifigí príobháideacha agus seirbhísí tacaíochta do mhéid áirithe de rannóga Chomhairle Cathrach Chorcaí. Cuirfear áiseanna níos fearr ar fáil don fhoireann leis, ceantar Acmhainní Foirne agus bialann san áireamh. Beidh soláthar oifigí d'ardchaighdeán ann leis, a bheidh in oiriúint do chíos tráchtála.
Ba chóir go gcuirfeadh an fhorbairt seo go mór leis an gCathair, agus í suite go huasal in aice le Halla na Cathrach.

Feabhsúcháin ar Halla na Cathrach

Deineadh roinnt áirithe de leasuithe simplí ach éifeachtach ar Halla na Cathrach le linn na bliana 2003 - Oifig Fáilte nua agus Seomraí Cruinnithe nua ina measc. Chuidigh siad sin le hoifigí agus foireann Chomhairle na Cathrach a dhéanamh níos oscailte do phobal Chorcaí.

Leabharlann Nua ag Bóthar Tory Top, Ballyphehane, Corcaigh

I gcomhpháirt le Leabharlannaí na Cathrach, rinne Roinn Ailtire na Cathrach dearadh nuálach agus ealaíonta don leabharlann réigiúnda seo a thógfar in áit an fhoirgnimh (le díon cothrom a tógadh sna seascaidí) atá ann faoi láthair. Fuarthas cead í a mhaoiniú i Samhain 2003.

Foirgneamh Cartlainne sa Linn Dhubh

Tosaíodh ar bhun-obair deartha don togra seo, atá de dhíth go práinneach chun feabhas a chur ar stóráil agus aisghabháil an ábhair cartlainne a choinnítear faoi láthair ag Teampall Chríost ar an Mór-Shráid Theas.

Tograí Tithíochta

Athchóiriú an Ghleanna, Céim I
Athchóiriú an Ghleanna, Céim II

Cóiríocht do dhaoine éislinneacha, le háiseanna pobail ag Turners Cross, Corcaigh. Tugadh cead Roinn VIII sa bhliain 2003 d'ollionad cóiríochta do dhaoine éislinneacha, le háiseanna pobail ag gabhal South Douglas Road agus Curragh Road, Turner's Cross, Cork. Leagadh roinnt foirgnimh a bhí in anchaoi ar an suíomh seo sa chaoi is gur féidir dul ar aghaidh leis an obair tógála. Tá moladh ann le South Douglas Road a leathnú, rud a laghdóidh achar an tsuímh, agus tá an leagan amach nua curtha san áireamh sa dearadh.

Beidh na nithe seo a leanas i gceist san fhorbairt atá beartaithe:

- 18 árasán a thógáil - 17 árasán ar thrí urlár agus áis don phobal ar leibhéal na talún le árasán amháin os a chionn. Tá grinn-obair dheartha tosaithe ar an dtogra seo agus tá súil againn go dtosófar ar obair tógála roimh dheireadh 2004.

- Scéimeanna Athchóirithe do Thithe Brící Dearga.
  Le linn 2003, deineadh 18 teach a athchóiriú ag Suttons Buildings agus 8 teach ag Barretts Buildings, Cork

- Méaduithe chun plódú a leigheas, agus méaduithe tí do dhaoine faoi mhíchumas

- Le linn na bliana 2003, cuireadh críoch le 10 togra méaduithe tí chun plódú a leigheas agus le 20 togra le méadú tí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Dualgaisí agus Comhcheangail

- An Clár um Chaipitil Tithíochta
- An Clár um Chaipitil Leabharlanna
- An Clár um Chaipitil Rannóg an Dóiteáin
- Foirgnimh na Cathrach
- Caomhnú

Oibreacha a críochnaíodh le déanaí

	Luach
Halla na Mílaoise	
Gradam RIAI	€ 6.25m
Tithíocht Inbhuanaithe Lotamore	
50 Aonad	€ 6.60m
Cnoc na hAoine (C)	
Athchóiriú/Aonaid Inlíonta	€ 5.50m
Méadú ar an Mhúsaem i bPáirc Mhic Gearailt	
Gradam RIAI	€ 2.00m
Rampa go doras thiar Halla na Cathrach	€ 0.12m
Athchóiriú ar Glenamoy Lawn	
Tithíocht Nua 106 Aonad	
Taispeántas RIAI	€ 7.70m
Stáisiún Dóiteáin	
Ballyvolane	€ 0.9m

Córais Faisnéise

Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí nasc le VPN an rialtais (Virtual Private Network) do thrácht gutha agus sonraí. Beidh na heagraíochtaí poiblí ar fad páirteach sa líonra seo de réir a chéile. Costais laghdaithe maraon le seirbhís leasuithe do ghutháin, Idirlíon agus ríomh-phostas a bheidh mar thoradh air seo.

Mar chuid den chlár e-rialtais, ba í Chathair Chorcaí an chéad áit le híocaíochtaí cárta creidmheasa thar Idirlíon a thriail sa rannóg íoc-pháirceála. Ó Lúnasa 2003 bhain an fhoireann úsáid as an dteicneolaíocht seo le breis agus 4000 íocaíocht a phróiseáil.

Cuireadh catalóg nua A-Z de sheirbhísí na heagraíochta in airde ar an láithreán i Meán Fómhair. Is furasta an liosta seo (atá in ord aibítreach) a úsáid agus cuireann sé eolas tábhachtach ar fáil ar an bpointe - uaireanta oscailte, foirmeacha iarratais, suíomh na n-oifigí srl.

Go hinmheánach, cuireadh áis ionduchtúcháin agus oiliúna foirne ar-líne ar fáil ar an inlíon. Tá baill nua foirne anois in ann eolas a fháil ar an eagraíocht faoi nithe ar nós struchtúr na heagraíochta, leagan amach na n-oifigí, polasaithe srl. Tá an fhoireann i mbreis agus 24 suíomh ar fud na cathrach in ann teacht ar an inlíon agus eolas foirne. Cuireadh dhá shuíomh nua le líonra achair fhairsing an chomhairle - togra athchóirithe an Ghleanna agus an Linn Dhubh.

Baintear úsáid as an láithreán mar fhoinse eolais - bhí meán-ráta amais ann idir 230,000 - 300,000 amas in aghaidh na míosa. I Samhain na bliana seo, bhí méadú de bhreis agus 16,000 amas ar Samhain 2002. Bhain an pobal úsáid as an láithreán le Plean Forbartha nua Chorcaí a fheiceáil agus moltaí a dhéanamh ina thaobh.

Ar son Corcaigh 2005, chuir an roinn CF seirbhís ar-líne ar fáil ar chun moltaí a chur isteach trí láithreán nua Corcaigh 2005. Chuir na mílte daoine moltaí isteach.

Agus ar deireadh, bhain ceathrar comhairleoir triail as áis chian-rochtana. Cuireadh oiliúint ar an gceathrar agus cuireadh áis "dialaigh-arais" dóibh, a thug deis dóibh córais inmheánacha a úsáid go slán sábháilte sa bhaile.

Roinn Reachtúil

AIRGEADAS

CLÁR COMHARDAITHE AG 31 NOLLAIG 2003

Sócmhainní Seasta	2003 €
Oibriúchán	1,401,725,306
Infreastrúchtur	1,226,234,867
Pobal	39,595,825
Neamh-oibriúchán	16,000,000
	2,683,555,998
Obair idir láimhe agus Réamh-chostais	389,790,194
Féichiúnaithe Fad-téarma	67,900,650

Sócmhainní Reatha	
Stocanna	162,850
Féichiúnaithe Gnó agus Réamhíocaíochtaí	19,146,853
Infheistíochtaí Bainc	29,336,097
Airgead Tirim sa Bhanc	-
Airgead Tirim idir Lámha	16,051
Cuntas Cathrach	-
	48,661,851

Dliteanais Reatha (Suimeanna le h-íoc laistigh de bhliain)	
Rótharraingt Bainc	8,236,329
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	11,164,205
Cuntas Cathrach	-
Léasanna Airgeadais	56,317
	19,456,851
Socmhainní/(Dliteanais) Reatha Glan	29,205,000
Creidiúnaithe (Suimeanna le h-íoc tar éis bliana ar a laghad)	
Iasachtaí Iníoctha	95,637,474
Léasanna Airgeadais	2,767,001
Éarlaisí Inaisíoctha	2,250,428
Eile	1,370,880
	102,025,783
Sócmhainní Glan	3,068,426,059
Airgeadaithe ag	
Cuntas Caipitiliúcháin	2,683,555,998
Ioncam WIP	350,099,808
Sain-Chúlchiste Ioncaim	69,465
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	(851,179)
Comharduithe Eile	35,551,968
Cúlchistí Iomlána	3,068,426,059

AIRGEADAS

RÁITEAS CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2003

Tugann an Ráiteas Chuntas Ioncaim Agus Caiteachais le chéile an t-ioncam agus caiteachas ar fad a bhaineann le teacht isteach. Taispeánann sé farasbarr/(easnamh) na bliana.

Caiteachas de réir chlárghrúpa	Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
Tithíocht agus Tógáil	24,206,295	20,465,092	3,741,203
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	26,540,322	17,035,793	9,504,529
Uisce agus Séarachas	10,414,819	3,911,597	6,503,222
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	4,153,519	1,827,620	2,325,899
Cosaint ar an gComhshaol	28,624,178	18,501,202	10,122,976
Áineas agus Áiseanna	14,876,149	1,666,035	13,210,114
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	8,199,334	7,326,971	872,363
Ilchineálach	7,902,904	2,199,575	5,703,329
Táille Chontae	-	-	-
Caiteachas/Ioncam Iomlán	124,917,520	72,933,885	
Costas glan na gcláracha atá le maoiniú ag Rátaí Chontae agus Ciste Rialtais Áitiúil			51,983,635
Rátaí			43,622,400
Ciste Rialtais Áitiúil - Deontas Ilchuspóra			18,270,475
Táille Chontae			-
Farasbarr/(Easnamh) na Bliana roimh Aistrithe			9,909,240
Aistrithe ó/(go)			(9,666,152)
Farasbarr/(Easnamh) Iomlán na Bliana			**243,088**
Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir			**(1,094,267)**
Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig			**(851,179)**

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
26,540,322	17,035,793	9,504,529

Clár Ioncaim

San áireamh: Bóithre Náisiúnta, Bóithre Réigiúnda, Príomhbhóithre Áitiúla, Bóithre Áitiúla Eile,
Rialú agus Bainistiú Tráchta, Soilsiú Poiblí, Páirceáil Ar Shráid/Charrchlóis,
Nithe Eile ar nós Sábháilteacht, Riarachán, Dliteanas Poiblí srl.

Clár Chaipitil

San áireamh: Feabhsúcháin Bhóithre, Bóithre Náisiúnta, Bóithre Neamh-Náisiúnta - bealaí tráchta, athdhromchlú ar Bhóithre Neamh-Náisiúnta - mion-bhealaí, Deontas Bhainistiú Tráchta Réigiúnda, Scéimeanna ar Chostas Íseal le Timpistí a Chosc, Bealach Glas agus áis "Páirceáil agus Taisteal"

Faid na mBóithre

Bealaí Náisiúnta	34km
Bealaí Réigiúnda	37km
Bealaí Áitiúla	349km
Cothabháil ar Lintéir	14,000
Soilsiú Poiblí	13,700 Solas

Bainistiú Tráchta

121 Gabhal Rialaithe ag Soilse Tráchta
74 Trasrian Coisithe le Soilse
14 Trasrian Síogach
13,000 Comhartha Rialuithe agus Eolais Tráchta
35 maor scoile agus 2 scéimeanna do mhaortha tráchta

Páirceáil

Ar shráid	2,100
Carrchlós	5,570
Áis "Páirceáil agus Taisteal"	380 spás

Buaicphointí 2003

Rannóg Deartha/Tógáil Bhóithre

- Leanúint le Scéim Athchóirithe Shráid Phádraig
- Leanúint le Scéim Athchóirithe Shráid an tSeandúin
- Críoch le cur i bhfeidhm Thogra Líonra Leathanbhanda Cheantar Chathair Chorcaí.
- Leanúint le h-uasghrádú Cheantar Watercourse Road/Thomas Davis Street
- Tús le leathnú an bhóthair chun tógáil Acomhal Bhóthar Chionn tSáile a éascú.

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Rannóg Tráchta

Osclaíodh Céim 1 den áis nua "Páirceáil agus Taisteal" ag Black Ash i mbliana. Tá 920 spás san áis, a tógadh ar láithreán líonta talún de 8.5 acra a raibh athchóiriú déanta air, in aice le timpeallán Bhóthar Chionn tSáile.

Ag deireadh Mhí na Samhna 2003 thosaigh seirbhís thiomnaithe bus ón láithreán go dtí Cé Lapp, agus cuireadh stadanna ar fáil ag Halla na Cathrach agus Sráid Albert chun freastal ar cheantar na nDuganna.

- Leathnú ar an gCóras Rialuithe Tráchta Cathrach SCOOT go dtí breis agus 80 gabhal sa chathair faoi rialú ag soilse tráchta agus ag cur áiseanna tosaíochta do bhusanna ag gach gabhal.

- Tosaíodh dhá Bhealach Glas (ó cheantar Grange/Frankfield agus ó cheantar Curraheen/Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí) chun gluaiseacht iompar poiblí agus rothaithe a éascú isteach agus amach ó lár na cathrach, mar a moladh i bPlean Straitéiseach Cheantar Chorcaí.

- I Meitheamh na bliana 2003, le maoiniú Eorpach, tionóladh comhdháil i gCorcaigh do chathracha CIVITAS - Barcelona, an Róimh agus Winchester Shasana ina measc - chun spreagadh agus comhordú a dhéanamh ar thionscnaíochtaí éagsúla iompair atá á dtriail sna cathracha sin, ar nós feithiclí na Cathrach a athrú chun ola ráibe a úsáid, ceantair ghlan cathrach a chruthú de bharr rialuithe le mullaird ama, comhroinnt carranna i measc na bhfostóirí móra sa chathair agus comharthaí inathraithe a chur ar fáil ar fud na cathrach.

Rannóg Cothabhála Bóithre

- Le linn 2003 bhí clár cuimsitheach Athdhromchluithe Bóithre agus Athnuachana Cosáin ar bun.

- Bhí dhá mhór-chonradh i gceist sa chlár Athdhromchluithe Bóithre, a bhain le 47 mbealach tráchta agus 28 mionbhóthar (in eastáit thithíochta), chomh maith le deisiúcháin ar 200 bóthar eile.

- Bhí na rudaí seo a leanas i gceist san obair rialta chothabhála: deisiúcháin ar linntreoga i mbóithre, réimse leathan de dheisiúcháin ar chosáin, mullaird a thógáil, cothabháil ar lintéir dhraenála agus fiailí a chosc ar bhóithre agus ar chosáin.

Rannóg Rialuithe Bóithre

- Forbairt leanúnach ar an gCóras Réamhfhógra chun tochailtí a cheadú ar bhóithre. Thosaigh an córas seo go luath sa bhliain 2003.

- Tús le Scéim nua Dúnadh Bhóithre.

- Feabhas ar an achar ama a ghlactar le cinní a dhéanamh maidir le hachainíocha faoi chlampáil agus tarraingt.

- Modhanna feabhsaithe chun Lánaí a dhúnadh.

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Pleanáil agus Forbairt

Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
4,153,519	1,827,620	2,325,899

Méid Iarratas Pleanála a Phróiseáladh	910
Meán-Am do Chinneadh	8 Seachtain
% d'iarratais a ceadaíodh	83%
Daonra Chathair Chorcaí (Daonáireamh 2002)	123,338
Achar Talún Chathair Chorcaí (heicteáir)	3,731
Méid teaghlach laistigh den Chathair (Daonáireamh 2002)	41,294

Bhí ceithre crinniú ag an gCoiste Forbartha agus Pleanála Straitéiseacha i rith na bliana 2003
Phléigh siad na fadhbanna seo leannas:

- Plean Forbartha na Cathrach
- Clárú ar na Structiúrí Cosanta
- Athbheochan na Cathrach
- Staidéar ar siopaí miondíolíochta
- Suirbhe ar Eacnamaíocht, Fostaíocht agus Usáid na Tallún
- Treoireacha Pleanála Réigiúnacha

Buaicphointí 2003

- Glacadh le Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2004
- Glacadh leis an Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha
- Ullmhúchán an Phlean Gníomhaíochta do Cheantar Shráid Cornmarket
- Comhstraitéis Miondíol idir Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí a chur i gcrích
- An Straitéis Tithíochta a chur i bhfeidhm
- An Plean Ceantair Comhtháite don Linn Dhubh/Shandon agus an Scéim Chónaithe os Cionn an Ghnó a chur i bhfeidhm 'Living Over the Shop Scheme'
- Athnuachan Chathair Chorcaí 2002 - 2006

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Recreation & Amenity

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
14,876,149	1,666,035	13,210,114

Machaire Gailf na Cathrach Ted McCarthy

Figiúirí tinrimh	26,765
Táillí a bailíodh	€ 461,236

Linnte Snámha

Figiúirí tinrimh	104,268

Leabharlann Chathair Chorcaí

Léitheoirí Cláraithe	21,269
Dáileadh Leabhair	1,114,753
Dáileadh Ceoil	131,724
Táillí Leabharlainne	€ 232,735

Buaicphointí 2003

- Críoch curtha leis an áras gailf nua ag Cumann Gailf Mheachain
- Críoch curtha le Páirc Shalom
- Tús curtha le h-athfhorbairt Linn Matt Talbot, Churchfield
- Tús curtha le páirceanna ag St. Annes, Shandon
- Tús curtha le páirc ag Bóthar Loughmahon
- Tús curtha le páirc ag Glenamoy Lawn
- Tús curtha le páirc ag Tory Top Road, Leabharlann
- Tús curtha le Céim 2 de Mhéadú an Mhúsaeim
- Críoch curtha le Cuid VIII don Fhoirgneamh nua Cartlainne
- Críoch curtha le Cuid VIII don Fhoirgneamh nua do Chosaint Shibhialta

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Cosaint ar an gComhshaol

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
28,624,178	18,501,202	10,122,976

Briogáid Dóiteáin - Glaonna amach	3787
Baill Dheonacha den Chosaint Shibhialta	80
Méid na gceadúnas faoin Acht um Smachtú Madraí	1,150
Méid na n-iarratas do Theastas Sábháilteachta Tine le linn 2003	238

Tithíocht agus Tógáil

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
24,206,295	20,465,092	3,741,203

Stoc tithíochta i gCathair Chorcaí	36,039
Údarás Áitiúil ar Chíos	7379
Udarás Áitiúil Ceannaithe	6839
Iomlán ar an Liosta Tithíochta ag 31/12/03	3,254
Méid ón Liosta Feithimh ar tugadh lóistín dóibh	361
Meán-chíos Seachtainiúil	€ 32.98
Ioncam Iomlán Cíosa	€ 12,944,317
Costais Chothabhála (Airgeadas)	€ 8,395,682
Íocaíocht le Cumainn Dheonacha Tithíochta	€ 3,200,000
Iasachtaí do Cheannach Tithe a h-eisíodh	8
Iasachtaí Atógála a h-eisíodh	10
Ceadúnais a h-eisíodh faoin Scéim Úinéireachta Roinnte	89
Méid na nÚinéireachtaí Roinnte a cuireadh i gcrích	24
Méid na nAonad Tithíochta Deonacha a críochnaíodh	81
Méid na nAonad Tithíochta Deonacha atá á dtógáil	128
Méid na nAonad Tithíochta Deonacha a bhfuil Maoiniú Ceadaithe dóibh	54

Buaicphointí 2003

Bhí 148 aonad críochnaithe nó geall le bheith críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2003 Aontaíodh coinníollacha ceannaigh do 53 theach le linn na bliana.
Bhí tús curtha le scéimeanna (486 aonad) de thithíocht shóisialta agus inacmhainne roimh dheireadh 2003 (scéimeanna móra ag Bóthar an Chaisleáin agus Buckleys Field san áireamh). I gcomhpháirt le Cumann Tithíochta Respond, cuireadh tús le h-athfhorbairt Árasáin na Linne Duibhe.
Cuireadh Lámhleabhar Thionónta ar fáil do thionóntaithe nua agus láithreach.
Cuireadh foireann idir-rannach ar bun chun lóistín a sholáthar d'iarchiontóirí.
Oscailt Oifig Tithíochta Cheantar an Oirthuaiscirt i Samhain 2003.

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Comhshaol

Soláthar Uisce agus Séarachas

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
10,414,819	3,911,597	6,503,222

Fad na bPíopaí Uisce	663 km
Éileamh Uisce Chathair Chorcaí (Méadar Ciúbach sa lá)	65,037
Fad na bPíopaí Séarachais	517 km

Buaicphointí 2003

Bainistiú Dramhaíola

Campas Cathrach Inbhuanaithe - Maoiniú Faighte.
Leanadh le Bailiúcháin de Dhramhaíl Chontúirteach Tís.
Tógadh 10 Láithreán eile "Beir Leat" d'úsáid tís.
Clúdach curtha ar 50% den Achar in Úsáid ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile.
Conradh 4 + 5 ag Láithreán Líonta Talún Bhóthar Chionn tSáile críochnaithe, a bheag nó a mhór.

Oibriúcháin Dramhaíola

- Leanadh le Clár Athsholáthar na mBoscaí Bruscar.
- Leanadh leis an bhFeachtas in aghaidh an Bhruscair ag léiriú gur bruscar atá i mBunanna Toitíní, Guma Coganta agus Salachar Madraí
- Leanadh leis an gComórtas Díospóireachta do Scoileanna.
- Cuireadh tús le Clár Cothabhála na Láithreán "Beir Leat".
- Tús curtha le hAthnuachan na bhFeithiclí Bailiúcháin Dramhaíola.

Coiste um Pholasaí Straitéiseach Chomhshaoil

Bhí 4 chruinniú ag an Coiste um Pholasaí Straitéiseach Chomhshaoil le linn 2003. I measc na n-ábhar a phlé an Coiste bhí

1. Clár Seirbhísí Uisce - measúnacht ar riachtanais
2. Straitéis Fuinnimh
3. Cuimsitheacht Shóisialta

Athchóiriú leanúnach de phríomh-phíopaí uisce i Lár na Cathrach i gcomhpháirt le Scéim Draenála Chorcaí agus scéimeanna eile athnuachana poiblí.

Críochnaíodh na conarthaí seo a leanas de chuid Scéim Draenála Chorcaí i 2003

- Séarach Idirlínithe Uimh. 1 agus Siofón
- Trasnú Loughmahon agus Umar Cinn Ballinure
- Séarach Idirlínithe Uimh. 4
- Draenáil Lár na Sean-Chathrach
- Stáisiún Pumpála an Locháin Atlantaigh (Conarthaí Sibhialta, Leictreachais agus Pumpála)
- Píopa Arduithe an Locháin Atlantaigh & Tramore Valley
- Críochnaíodh an cuid is mó de Chonradh Oileán Lár na Cathrach Uimh. 2. Críochnófar fuílleach na hoibre go luath i 2004.
- Tá an tIonad Cóireála do Dhramhaíl Uisce i Carrigrennan á chur i bhfeidhm agus á thriail faoi láthair.

RÉIMSÍ CHLÁRACHA

Seirbhísí Ilchineálacha

Caiteachas Iomlán ar an gClár

Oll-chaiteachas 2003 €	Ioncam 2003 €	Caiteachas Glan 2003 €
7,902,904	2,199,575	5,703,329

Ráta san Euro	€ 61.44
Rátaí a bailíodh	€42,732,923
Táillí Dramhaíola a bailíodh	€ 7,592,223
Líon na Seamlas atá ag feidhmiú faoi cheadúnas laistigh de Bhuirg an Chontae	1
Líon na n-ainmhithe a maraíodh	11,655
Líon na n-ionad miondíol de Dhaoine Déiríochta laistigh de Bhuirg an Chontae	0

Seirbhísí Tacaíochta

Cuidíonn na Seirbhísí Tacaíochta le haidhmeanna na n-ocht gcláracha tré na príomh-sheirbhísí seo a leanas a sholáthar. Déantar costas na seirbhísí seo a roinnt ar na cláracha éagsúla.

- Roghnú agus earcú foirne
- Struchtúir chuí foirne a sholáthar
- Oiliúint agus leas foirne
- Caidreamh saothair
- Rannóg Dlí - cúiteamh
- Iniúchadh Árachais
- Costais na mBall
- Íocaíochtaí go comhlachtaí seachtracha
- Cothabháil ar Lóistín
- Pearsanra

Líon iomlán foirne (gráid ar fad), páirt-aimseartha agus sealadach san áireamh, fostaithe ag Comhairle Cathrach Chorcaí ag 31/12/03:	1547

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

Le linn 2001 chuir an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil roinnt Táscairí Seirbhíse ar bun d'Údaráis Áitiúla mar chuid den phróiséas um Bhainistíocht Straitéiseach sa tSeirbhís Phoiblí.

Seo a leanas na sonraí do Chomhairle Cathrach Chorcaí don bhliain 2003:

Bailiú Ioncaim

Ioncam 1 Cíos Tí

(a) Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid atá dlite: 93.77%
(b) Céatadán na riaráistí:
- (i) Níos lú na seachtain - 1.24%
- (ii) 1 - 3 seachtain - 17.03%
- (iii) 4 - 6 seachtain - 15.28%
- (iv) níos faide ná 6 seachtain - 66.45%

Ioncam 2 Aisíocaíochtaí Tí

(a) Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid atá dlite: 94%
(b) Céatadán na riaráistí:
- (i) 1 mhí - 18.06%
- (ii) 2 mhí - 9.66%
- (iii) níos faide ná 2 mhí - 72.27%

Ioncam 3 Rátaí

Méid a bhí bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán den mhéid atá dlite: 91.58%

Sláinte na hEagráiochta

C.1 Céatadán de laethanta oibre caillte de bharr tinnis: 5.58%

Seirbhísí Leabharlainne

L.1 Uaireanta Oscailte don Phobal - meán na n-uaireanta sa tseachtain: 45 uair
L.2 Méid na nithe a h-eisíodh in aghaidh an duine sa phobal (ar fud na cathrach) do:
(a) leabhair 7.96
(b) nithe eile 1.06

Tithíocht

H.1 Céatadán na bhfoirgintí atá folamh:
(a) Ar fáil ar chíos nó ag feitheamh ar mhion-deisiúcháin 1.44%
(b) Eile 2.67%

H.2 Meán-mhéid ama a thógtar le foirgneamh atá ar fáil ar chíos nó ag feitheamh ar mhion-deisiúcháin a chur ar athchíos: 15.5 seachtain

Pleanáil

Táscaire Seirbhíse	2002	2003
Líon na nIarratas ar tugadh cinneadh ina leith	779	910
% a cinneadh laistigh de 8 seachtain	62%	69%
Meán-mhéid ama do chinneadh	8 seachtain ar meán	
% Bronnta	88.7%	83%
% Diúltaithe	11.3%	17%
% Faoi achainí	8.6%	9%
Torthaí ar Achainí: % a thaobhaigh le Cinneadh an Chomhairle	65%	84%
Torthaí ar Achainí: % a chuir Cinneadh an Chomhairle ar neamhní	35%	16%

Tuarascáil Bhliantúil 2003

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE

COMHSHAOIL

E.1 Céatadán de shruth na habhann atá:

(a) neamhthruaillithe: _____ 5%
(b) beagán truaillithe: _____ 10%
(c) leath-thruaillithe: _____ 10%
(d) truaillithe go dona: _____ 75%

E.2 Céatadán de shamplaí d'uisce óil atá ag comhlíonadh riachtanais reachtúla:

Paraiméadar	% Comhlíonadh	Paraiméadar	% Comhlíonadh
Bachaillíní drólannach faecach	100	Nítrítí	100
Bachaillíní drólannach iomlána	100	Iarann	99
Dath	99	Mangainéis	95
Moirtiúlacht	100	Fluairíd	93
Boladh	100	Trom-mhiotail	100
Blas	93	Amóiniam	100
Níotráití	100	Alúmanam	97

Aer - Céatadán de mhonatóireacht leanúnach aeir atá ag comhlíonadh riachtanais reachtúla:

Paraiméadar	% Comhlíonadh	Paraiméadar	% Comhlíonadh
Cáithníní ar Crochadh	100	O3	100
PM10	100	CO	100
SO2	100	Luaidhe	100
NO2	100	Beinséin	100

E.3 Am, i nóiméid, chun briogáid dóiteáin a chur ag gluaiseacht:
1 nóiméad i rith an lae • 2 nóiméad i rith na h-oíche

E.4 Áiseanna "Beir Leat":

Cineál	Líon na nÁiseanna	Líon na nÁiseanna in aghaidh gach 5,000 den phobal (%)
Buidéil Ghloine	38	1.33
Cannaí	23	6.00
Éadaí	7	0.20
Cadhnraí	2	0.08
Dramh-Ola Innill	1	0.04
Cuisneoirí, Reoiteoirí, Miotal	1	0.04
Nuachtáin/Cairtchlár	8	0.24
Buidéil Phlaisteacha Glé	1	0.04
Adhmad	1	0.04
Dramhaíl Ghlas	1	0.04

E.5 Bruscar

(a) Líon na Maor Bruscar: lán-aimseartha; páirt-aimseartha; agus san iomlán mar chodán den daonra - 4 Maor Bruscar lán-aimseartha (1:31750)
(b) Líon na bhfíneál ar-an-láthair - 655 eisithe i 2003
(c) Líon na n-ionchúiseamh - 10 Ordú Bhainisteora d'Ionchúiseamh Cúirte

BÓITHRE

165,000 méadar cearnach de bhóthar athdhromchlaithe, is ionann sin agus thart ar 5% de dhromchla na mbóithre sa chathair.

Le cúig bhliain anuas tá dromchla nua curtha le thart ar 25% de bhóithre na cathrach.

OIBRIÚ AN CHOMHAIRLE

	Líon Chruinnithe 2003	Líon na mBall
Bord Sláinte an Deiscirt	12	5
Coiste Ghairmoideachais Chathair Chorcaí	14	8
Caladh Chorcaí	11	2
Comhchoiste Chomhairle Cathrach Chorcaí/ Comhairle Chontae Chorcaí	6	6
Cumann Údaráis Áitiúla na hÉireann	1	2
Ard Chomhairle na gContaetha	6	3
Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir	7	3
Údarás Réigiúnach an Iar-Dheiscirt	11	7
Coiste Comhairleach na nIarsmaí Stairiúla	0	1
Béilí Scoile	1	3
Coiste Comhairleach Mhúsaem Poiblí Chorcaí	2	3
Coiste Leabharlainne Poiblí Chorcaí	14	7
Coiste Forbartha an Phobail	5	16
Coiste na nEalaíona	5	7
Coiste Comhairleach um Ealaíon Phoiblí	5	1
Coiste Comhairleach um Lóistín don Lucht Taistil	10	6
An Coiste Stiúrtha	0	5
Coiste Comhairleach Bainistíochta d'Ollionad Spóirt Réigiúnda Chorcaí	0	3
Coiste Comhairleach Bainistíochta d'Ollionad Spóirt Mayfield	3	1
Coiste Comhairleach Bainistíochta d'Ionad Áineasa Scoil Stiofan Naofa	0	0
Coiste Comhairleach Bainistíochta d'Ionad Áineasa Scoil Mhic Shuibhne	0	0
Coiste Bainistíochta Chumann Gailf na Cathrach	0	6
Bord de Firkin Crane Development Co. Ltd.	4	2
Bord d'Amharclann Everyman Palace	12	2
Bord de Cork Opera House	9	6
Bord de National Sculpture Factory	7	2
Cumann Talmhaíochta na Mumhan	12	2
Coiste Tithíochta	10	15
Coiste Comhshaoil	6	15
Coiste do Airgeadas agus Aidhmeanna Ginearálta/ Pleanáil agus Gnóthaí Eorpacha	5	15
Coiste na mBóithre, Iompar agus Sábháilteacht	10	15
Grúpa um Pholasaí Corporáideach	11	6
CBS Tithíocht agus Seirbhísí an Phobail	4	6
CBS Bóithre agus Iompar	4	6
CBS Forbairt agus Pleanáil	5	6
CBS Comhshaol	2	6
CBS Áineas, Áiseanna agus Cultúr	4	6

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT 2003

COMÓRTAS	Líon Iarrthóirí Fear / Bean	Curtha ar Phainéal Fear / Bean	Ceaptha Fear / Bean
Feisteoir/Meicneoir	4 / 0	3 / 0	1 / 0
Maor Ginearálta - Cúnta Gníomhach	8 / 0	5 / 0	1 / 0
Oibrí Ginearálta (Sealadach)	26 / 0	3 / 0	2 / 0
Oibrí Ginearálta (Sealadach)	14 / 0	6 / 0	4 / 0
Oibrí Ginearálta (Sealadach)	17 / 0	6 / 0	4 / 0
Oibrí Ginearálta (Tionscnaíocht Saothair - Sealadach)	21 / 2	9 / 0	4 / 0
Oifigeach Tithíochta	4 / 0	4 / 0	4 / 0
Cigire - Oibriúchán + Cothabháil - Tollán	3 / 0	3 / 0	3 / 0
Cúntóir Leabharlainne - Sinsearach	10 / 16	2 / 6	1 / 1
Maor Bruscair	18 / 5	7 / 1	2 / 0
Saor Cloiche (Sealadach)	2 / 0	2 / 0	1 / 0
Pleanadóir - Feidhmiúcháin	3 / 8	1 / 2	0 / 0
Comhraiceoir Dóiteáin ar Promhadh	453 / 17	40 / 0	15 / 0
Cúntóir Táirgthe (Sealadach) Bóthar na Laoi	5 / 0	2 / 0	1 / 0
Oifigeach Idirchaidrimh Thograí	4 / 1	0 / 1	0 / 1

COMÓRTAS	Líon Iarrthóirí Fear / Bean	Curtha ar Phainéal Fear / Bean	Ceaptha Fear / Bean
Dlíodóir - Cúnta	3 / 2	0 / 1	0 / 0
Dlíodóir - Feidhmiúcháin	1 / 1	1 / 1	0 / 1
Oifigeach Foirne	25 / 57	9 / 6	4 / 7
Oifigeach Foirne - Cúnta	74 / 178	2 / 16	1 / 6
Oifigeach Foirne - Sinsearach	17 / 33	7 / 8	5 / 5
Oibrí Stórais - Fearas agus Innealra	3 / 1	2 / 0	1 / 0
Teicneoir - Grád 1	5 / 2	4 / 2	4 / 2
Teicneoir - Príomh	17 / 1	4 / 0	3 / 0
Teicneoir - Feidhmiúcháin	12 / 3	10 / 1	6 / 1
Teicneoir - Feidhmiúcháin Sinsearach	14 / 1	7 / 0	6 / 0
Saor Cloiche Sealadach	2 / 0	2 / 0	1 / 0
Maor Tráchta (Sealadach)	15 / 2	7 / 2	5 / 1
IOMLÁIN	**938 / 396**	**181 / 60**	**94 / 27**

Céatadán Iomlán na nIarrthóirí Baineann a Cuireadh ar Phainéil	**15%**
Céatadán Iomlán na nIarrthóirí Baineann ar Phainéal a Ceapadh	**45%**
Céatadán Iomlán na nIarrthóirí Fireann a Cuireadh ar Phainéil	**19%**
Céatadán Iomlán na nIarrthóirí Fireann ar Phainéal a Ceapadh	**52%**

COTHROMAÍOCHT INSCNE SAN EARCAÍOCHT 2003

COMÓRTAS	Líon Iarrthóirí Fear / Bean	Curtha ar Phainéal Fear / Bean	Ceaptha Fear / Bean
Freastalaí (Buan)	2 / 0	0 / 0	0 / 0
Freastalaí (Sealadach)	4 / 1	2 / 0	2 / 0
Cigire Foirgnimh & Sráide - Príomh	4 / 0	4 / 0	3 / 0
Comhordaitheoir - R.A.P.I.D.	16 / 33	1 / 7	0 / 0
Innealtóir - Cúnta Cónaitheach - Bóithre	16 / 5	6 / 2	1 / 0
Innealtóir - Cúnta Cónaitheach - Comhshaol	4 / 0	1 / 0	1 / 0
Innealtóir - Cúnta	17 / 8	6 / 1	2 / 0
Innealtóir - Cúnta (Sealadach)	9 / 2	4 / 1	1 / 1
Innealtóir - Feidhmiúcháin	18 / 5	9 / 0	1 / 0
Innealtóir - Céimí - Ní raibh aon agallamh ann	54 / 10	0 / 0	0 / 0
Innealtóir - Feidhmiúcháin (Bóithre)	16 / 2	3 / 2	3 / 0
Oifigeach Chosc Dhóiteáin - Cúnta	11 / 4	2 / 2	1 / 1
Oifigeach Chosc Dhóiteáin - Feidhmiúcháin	3 / 1	1 / 0	1 / 0

AN TACHT UM RIALTAS ÁITIÚIL 2001

Ceadaíonn mír 75 den Acht um Rialtas Áitiúil 2001 do Chomhairle Cathrach Chorcaí socruithe a dhéanamh maidir le himeachtaí nascuithe srl. Sa bhliain 2003 chaith Comhairle Cathrach Chorcaí € 52,189.

I measc na n-imeachtaí bhí
1. Fáiltiú roimh Ardmhéaraí ó na Cathracha Nasctha
2. Deontais Nascuithe
3. Féile Rennes 2003
4. Cuairteanna an Ardmhéara go Coventry agus Rennes

Mír 76 d'Acht 2001

Costais Aíochta agus Nithe Gaolmhara	€ 58,639
Fáiltithe Cathracha	€ 61,341